

CAIRT CEARTA TEANGA

Tá cosaint ar chearta teanga an phobail i mBunreacht na hÉireann agus in achtachán éagsúla de chuid an Oireachtais, go háirithe in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("An tAcht").

Tá sé mar aidhm ag an Acht sin lón agus caighdeán na seirbhísí trí Ghaeilge a chuireann eagraíochtaí stáit ar fáil don phobal a mhéadú, ar bhealach eagraithe, thar thréimhse ama.

Ar na cearta teanga atá dearbhaite san Acht, tá:

Ceart freagraí a fháil i nGaeilge ó eagraíochtaí stáit ar chomhfhreagras i scribhinn nó le ríomhpost sa teanga sin.

Ceart fáil a bheith ar dhoiciméid thábhachtacha ar leith ó eagraíochtaí stáit go comhuaineach i nGaeilge agus i mbÉarla, ina measc, tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, ráitis straitéiseacha áirithe agus doiciméid ina bhfull tográí beartais phoiblí.

Ceart an Ghaeilge a úsáid in aon Chúirt nó i ngnóthaí cúirteanna.

Ceart an Ghaeilge a úsáid os comhair Thithe an Oireachtais nó os comhair coistí, fochoistí agus comhchoistí de chuid an Oireachtais.

Ceart a bheith ag súil go bhfoilseofaí gach Acht de chuid an Oireachtais go comhuaineach i nGaeilge agus i mbÉarla a luaithe agus is féidir tar éis a achtaithe.

Ceart a bheith ag súil go mbeadh fáil ar fhainsnéis (m.sh. cora poist) a chuireann eagraíochtaí stáit chuig an phobal, i scribhinn nó le ríomhphost, i nGaeilge nó go dátheangach (Gaeilge agus Béarla).

Ceart a bheith ag súil go gcloífeadh eagraíochtaí stáit le haon rialachán a dhéanfar faoin Acht seo i dtaca le húsáid na Gaeilge i gcomharthaíocht, stáiseanóireacht, fógraíocht agus fógaírtí béal.

Ceart chun fáil a bheith ar gach seirbhís trí Ghaeilge atá comhaontaithe i "scéim" faoin Acht ag eagraíochtaí stáit, san áireamh na forálacha ar leith a bhaineann le ceantair Ghaeltachta.

Ceart le comhairle nó cúnamh eile a fháil ó Oifig an Choimisinéara Teanga maidir le cearta teanga faoin Acht.

Ceart go bhfiosródh An Coimisinéir Teanga gearán bhaillí faoi theip aon eagraíochtaí stáit cloí lena ndualgais faoin Acht nó faoi aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge. Cuireann an Coimisinéir Teanga comhairle ar fáil freisin don phobal maidir lena gcearta teanga agus do chomhlacthaí poiblí maidir lena ndualgais faoin Acht.



Bunreacht na hÉireann.

Airteagal 8

- Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í.
- Glactar leis an Sacs-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile.
- Ach féadfar socrú a dhéanamh le dlí d'fhoinn ceachtar den dá theanga sin a bheith ina haonteanga le haghaidh aon ghnó nó gnóthaí oifigiúla ar fud an Stáit ar fad nó in aon chuid de.



Déanann an Coimisinéir Teanga monatóireacht ar an mbealach a bhfull forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 á gcomhlíonadh agus fiosraíonn sé gearán ón bpobal i dtaobh shárú an Actica nó sárú ar aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge. Cuireann an Coimisinéir Teanga comhairle ar fáil freisin don phobal maidir lena gcearta teanga agus do chomhlacthaí poiblí maidir lena ndualgais faoin Acht.

Tuilleadh eolas tríd an bpost, ar facs, le ríomhphost nó ar an teileafón:

An Coimisinéir Teanga

An Spidéal, Co. na Gaillimhe

Fón: 091 504006

Gao Áitiúil: 1890 504006

Facs: 091 504036

eolas@coimisineir.ie

www.coimisineir.ie